

Seal fada sa phríosún

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi bheirt dúnmharfóirí, Geoffrey Evans agus John Shaw atá ag caitheamh tréimhsí fada sa phríosún in Éirinn. Déan iarracht an Ghaeilge a aimsiú do na míreanna Béarla seo a leanas. Cuir do chuid freagraí i gcomparáid le freagraí an duine in aice leat.

Coma: _____
Rape: _____
Life sentence: _____
Treatment: _____
On the run: _____
Attacks: _____
Kidnapped: _____
Vicious: _____
Found: _____
Planned: _____
Unconscious: _____
Convalescent home: _____
Prisoner: _____
Operation: _____
Irish Prison Service: _____
Electronic tag: _____
Department of Justice: _____
Care: _____
Guarding: _____
Secret information: _____

Ceist 2

(a) Anois, an féidir leat féin agus an duine in aice leat mír nuachta a chumadh ag baint úsáide as na focail i gceist 1 thuas?
(b) Féachaigí ar an mír anois agus déanaigí plé ar conas mar a bhí an mhír difriúil ón méid a bhí agaibh féin.

Ceist 3

Anois féach ar an mhír don dara huair agus déan iarracht na ceisteanna thíos a fhreagairt:

1. Cén bhliain ar mharaigh an bheirt fhear Elizabeth Plunkett agus Mary Duffy?
2. Cén fáth go raibh an bheirt fhear in Éirinn?
3. Cén aois a bhí ag na mná a mharaigh siad?
4. Cá fhad atá Geoffrey Evans i gcóma?
5. Cén áit a ndearnadh ionsaí ar Mary Duffy?
6. Cén bealach a gcoinnítear súil ar Geoffrey Evans anois?

Ceist 4 a) *...air tuigtear dúinn go bhfuil Geoffrey Evans...'*

Cén ghné den ghramadach atá i gceist sa **chló dubh** thuas?

b) Aimsigh an leagan céanna de na briathra thíos.

1. Déan
2. Bris
3. Ceannaigh
4. Clois
5. Fiosraigh
6. Ith
7. Labhair

c) *'...beirt bhan'*

Cuir an focal 'beirt' roimh na hainmfhocail seo a leanas.

1. Cailín
2. Fear
3. Garda
4. Mac
5. Iníon
6. Múinteoir
7. Taoiseach
8. Rí
9. Sagart
10. Feirmeoir

Ceist 5 Luaitear na logainmneacha seo a leanas sa sliocht.

Cill Mhantáin_____

Loch Eidhneach_____

Baile na hInse_____

Caisleán an Bharraigh_____

Maigh Eo_____

Déan iarracht brí na logainmneacha thuas a mhíniú. Déan comparáid leis an duine in aice leat.

Ceist 6 Pléigh ceachtar den dá rún díospóireachta thíos:

'Ba cheart pionós an bháis a chur i bhfeidhm i gcásanna faoi leith'.

nó

Is mór an náire é an méid airgid atá caite ag an Stát ar na coirpigh seo.

Treoracha

Ceist 1

coma: **cóma**

raped: **d'éagnaigh**

life sentence: **príosún saoil**

treatment: **cóir leighis**

on the run: **ar teitheadh**

attacks: **ionsaithe**

kidnapped: **d'fhuadaigh**

vicious: **brúidiúil**

found: **fuarthas**

planned: **ar intinn acu**

unconscious: **gan aithne gan urlabhra**

convalescent home: **ionad téarnaimh**

prisoner: **príosúnach**

Operation: **obráid**

Irish Prison Service: **Seirbhís Príosún na hÉireann**

electronic tag: **clib leictreonach**

Department of Justice: **An Roinn Dlí agus Cirt**

care: **cúram**

guarding: **gardáil**

secret information: **eolas rúnda**

Ceist 2

Caithfidh na foghlaimoirí mír dá gcuid féin a chumadh sula bhfeicfidh siad an mhír. Is ceacht labhartha é seo. Cuir na míreanna a chruthaigh siad i gcomparáid leis an mír nuachta ansin.

Ceist 3

1. Mharaigh an bheirt fhear Elizabeth Plunkett agus Mary Duffy sa bhliain 1976.

2. Bhí an bheirt fhear in Éirinn toisc go raibh siad ar teitheadh ó dhlíthe Shasana.

3. Bhí na mná óga trí bliana is fiche.

4. Tá os cionn trí bliana caite ag Geoffrey Evans i gcóma.
5. Rinneadh ionsaí ar Mhary Duffy i gCoill Bhaile na hInse, i gConamara.
6. Coinnítear súil ar Geoffrey Evans le clib leictreonach.

Ceist 4

a) ‘...air **tuigtear** dúinn go bhfuil Geoffrey Evans...’

An saorbhriathar, aimsir láithreach atá i gceist.

b)

1. Déantar
2. Bristear
3. Ceannaítear
4. Cloistear
5. Fiosraítear
6. Itear
7. Labhraítear

c)

An Riail: Leanann an ginideach iolra beirt i gcónaí. Séimhítear an focal chomh maith más féidir. Cuirtear riail na D,N,T,LS i bhfeidhm.

1. Beirt Chailíní
2. Beirt Fhear
3. Beirt Ghardaí
4. Beirt Mhac
5. Beirt Iníonacha
6. Beirt Mhúinteoirí
7. Beirt Taoiseach
8. Beirt Ríthe
9. Beirt Sagart
10. Beirt Fheirmeoirí

Ceist 5

Cill Mhantáin: Cill: séipéal: Mantáin: mantach(duine gan fiacla)

Loch Eidhneach: Loch le heidhneán ag fás ann (ivy)

Baile na hInse: An áit chónaithe ar an oileán

Caisleán an Bharraigh: Caisleán de chuid chlann Bharra

Maigh Eo: Machaire na gcrann iúr.

Ceist 6

Is féidir na díospóireachtaí seo a phlé i ngrúpaí beaga má tá am.

Catherine Ní Ghuairim

Tá breis is trí bliana caite i gcóma ag duine de na daoine is faide i bpríosún sa tír seo. I 1976 d'éagnaigh agus mharaigh Geoffrey Evans agus John Shaw beirt bhan. Gearradh príosún saoil orthu agus tá siad os cionn tríocha bliain i bpríosún anois. Tá Geoffrey Evans go dona tinn le os cionn trí bliana agus tá cóir leighis á cur air lá agus oíche.

Ba é an chéad uair a tharla a leithéid sa tír seo. Bhí na Sasanaigh Geoffrey Evans agus John Shaw ar a dteitheadh ón dlí i Sasana de bharr ionsaithe a dhéanamh ar mhná nuair a d'éagnaigh agus mharaigh siad Elizabeth Plunkett a bhí trí bliana fichead, agus chaith siad a corp i bhfarraige amach ó chósta Chill Mhantáin. Trí bliana fichead a bhí Mary Duffy freisin nuair a d'fhuadaigh siad í i gCaisleán a' Bharraigh i gContae Mhaigh Eo. Rinne siad ionsaí brúidiúil gnéis uirthise freisin i gcoill Bhaile na hInse i gConamara sular mharaigh siad í. Ba i Loch Eidhneach i dTuaisceart Chonamara a fuarthas¹ corp Mary Duffy.

Ba anseo i mBóthar na Trá a fuair Gardaí greim ar na fir agus d'admhaigh Evans agus Shaw go raibh sé ar intinn acu tuilleadh ban a mharú. Fuair an bheirt acu príosún saoil i 1978 agus breis is tríocha bliain ina dhiaidh sin tá an bheirt fós coinnithe. Tá siad ar chuid de na príosúnaithe is faide a bhfuil téarma príosúin curtha isteach acu sa tír seo.

Le os cionn trí bliana anois tá Geoffrey Evans gan aithne gan urlabhra tar éis obráide ar a chroí in ospidéal an Mater i mBaile Átha Cliath. Tá go leor den am sin caite san ospidéal aige agus Garda ag coinneáil súile air. Cé nach bhfuil aon fheabhas air tuigtear dúinn go bhfuil Geoffrey Evans anois in ionad téarnaimh in aice le Baile Átha Cliath. Deir Seirbhís Príosún na hÉireann nach féidir leo eolas a thabhairt amach faoi phríosúnaigh ach tuigtear dúinn gur clib leictreonach atá ag coinneáil súile air agus nach bhfuil garda ar bith anois air. Tuigtear go raibh Evans faoi chúram Garda fiche ceathair uair a chloig le linn dó cúram a fháil i seomra príobháideach in ospidéal an Mater. D'fhiafraigh muid den Roinn Dlí agus Cirt faoin airgead atá caite ar chúram agus ar ghardáil Geoffrey Evans. Lorgaíomar² eolas freisin faoin gclib leictreonach atá air ach deir an Roinn gur eolas rúnda é sin ar fad.

Catherine Ní Ghuairim

Nuacht TG4

¹ "fritheadh" a deirtear

² Lorg muid atá sa chaint.